# 9 Rialuithe Inmheánacha sa Choimisiún um Achomhairc Chánach

9.1 Cuireadh an Coimisiún um Achomhairc Chánach (an Coimisiún) ar bun an 21 Márta 2016 mar chomhlacht reachtúil neamhspleách, a bhfuil de chúram air próiseas nua-aimseartha, éifeachtúil a chur ar fáil i ndáil le díospóidí cánach a éisteacht agus a bhreithniú.[1] Tháinig an Coimisiún in ionad Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc, a raibh de chúram uirthi achomhairc chánach a bhreithniú sular bunaíodh an Coimisiún.[2]

9.2 Rinneadh roinnt athruithe ar an bpróiseas achomhairc cánach le reacht. Mar shampla, rinneadh an próiseas ní ba thrédhearcaí ach an ceart a thabhairt do cháiníocóirí go n-éistfí a gcás go poiblí, agus éileamh ar an gCoimisiún tuairisc faoi gach cinneadh a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin.[3]

9.3 Teastaíonn ón gCoimisiún foireann níos mó agus córas nua bainistíochta cásanna mar thoradh ar an athchóiriú an bpróiseas achomhairc cánach. Ag deireadh 2015, chuaigh an bheirt Choimisinéirí Achomhairc ar scor agus ceapadh beirt Choimisinéirí nua i gcomharbacht orthu.[4,5] Faoi dheireadh 2016, bhí ceathrar ball foirne riaracháin agus taighdeoir dlí amháin fostaithe ag an gCoimisiún chomh maith. Ba é €890,000 ollchaiteachas an Choimisiúin um Achomhairc Chánach in 2016, i gcomparáid le €543,000 in 2015 nuair a bhí Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc fós ar an bhfód.

9.4 Cuirtear faoi chaibidil sa tuarascáil seo na socruithe rialachais chorparáidigh atá tugtha isteach ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach ó cuireadh ar bun i mí an Mhárta 2016 é agus an chaoi ar bainistíodh íocaíochtaí ragoibre in 2016.

## Creat rialachais chorparáidigh

9.5 Is éard atá i gceist leis an rialachas corparáideach ná na córais agus na nósanna imeachta ar dá réir a ndéantar eagraíochtaí a stiúradh, a rialú agus a bhainistiú. Déanann an dea-rialachas corparáideach saincheisteanna a bhaineann le húdarás agus freagracht níos soiléire agus tacaíonn le dea-chinnteoireacht laistigh d’eagraíocht.

9.6 Tá an dea-rialachas i gcroílár feidhmiú éifeachtach ranna Rialtais agus tá tábhacht nach beag ag baint leis ó thaobh dualgais reachtúla agus beartais a chomhlíonadh. Déanann sé cinnte de go bhfuil creat struchtúr, beartas agus próiseas i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear leis na dualgais sin agus fágann gur féidir measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht bhainistíochta agus chorparáide. Tá treoir ar rialachas corparáideach don Státseirbhís eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le cabhrú le rannóga agus le hoifigí creataí rialachais dá gcuid féin a fhorbairt.[6]

9.7 Tugtar sa chaighdeán rialachais chorparáidigh arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe achoimre ar dhea-phrionsabail an rialachais, chomh maith le creat rialachais samplach ina bhfuil forálacha atá le húsáid ag gach rannóg/oifig ina gcuid socruithe féin. Éilítear ar na rannóga/oifigí uile na socruithe rialachais atá i bhfeidhm acu a dhoiciméadú agus a fhoilsiú de réir phrionsabail an chaighdeáin rialachais chorparáidigh. Leagtar síos sa chaighdeán rialachais cúig phrionsabal an rialachais (féach Fíor 9.1).

1 An tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015.

2 Níl/ní raibh baint ná páirt ag an gCoimisiún ná ag Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc le bailiú cánacha.

3 Tá na príomh-athchóirithe ar an bpróiseas achomhairc liostaithe in Iarscríbhinn 9A.

4 Maireann téarma oifige Coimisinéara Achomhairc seacht mbliana.

5 Glacfaidh an bheirt Choimisinéirí le ról an Oifigigh Cuntasaíochta ar a seal le himeacht a dtéarma oifige reatha.

6 *Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís*, 2016, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Fíor 9.1 Prionsabail an Rialachais don Earnáil Phoiblí**

| |
|---|
| An cultúr agus an t-éiteas lena gcinntítear iompraíocht ionraic, tiomantas láidir do threoirphrionsabail eiticiúla, agus meas ar fhorlámhas an dlí. |
| Tugtar sainmhíniú ar thosaíochtaí agus ar thorthaí trí thagairt do na buntáistí inbhuanaithe geilleagracha agus sochaíocha a bhaineann leo, agus d'fhonn sainaithint a dhéanamh ar na beartais agus ar na hidirghabhálacha is gá le baint amach na dtosaíochtaí agus na dtorthaí sin a bharrfheabhsú. Is éard atá i gceist leis ná dea-chleachtais a chur i bhfeidhm ó thaobh trédhearcachta, tuairisciú, cumarsáide, iniúchadh agus scrúdain de le freagracht éifeachtach a bhaint amach. |
| Forbraítear acmhainn na Roinne, lena n-áirítear acmhainn na foirne ceannais, an lucht bainistíochta agus na ngnáthbhall foirne. |
| Déantar rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú trí chórais láidre rialaithe inmheánaigh agus trí chleachtais éifeachtacha bainistithe feidhmíochta. |
| Cinntítear oscailteacht, próisis éifeachtacha chomhairliúcháin agus rannpháirtíocht chuimsitheach le páirtithe leasmhara sa bhaile agus thar lear. |

Foinse: Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, 2016, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**9.8** Tá Oifigigh Chuntasaíochta freagrach as na hacmhainní poiblí agus as an maoin phoiblí atá faoina rialú a chosaint, as rialtacht agus cuibheas gach idirbheart sna cuntais leithghabhála atá sínithe acu, agus as a rannóg/n-oifig a riar go héifeachtúil agus go tíosach. I measc na dualgais ar leith atá ar Oifigigh Chuntasaíochta tá cuntas leithghabhála vóta a ullmhú agus a chur i láthair, ina bhfuil ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, chomh maith le feidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí agus coiste iniúchóireachta a bhunú.

**9.9** Soláthraíonn na Coimisinéirí Ioncaim seirbhísí áirithe don Choimisiún faoi chomhaontú seirbhíse. Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim tacaíochtaí riaracháin agus tacaíochtaí eile ar fáil don Choimisiún faoin gcomhaontú sin, lena n-áirítear próiseáil íocaíochtaí ó sholáthraithe agus riar cúrsaí pearsanra, rud a bhfuil Rannóg Acmhainní Daonna na gCoimisinéirí Ioncaim freagrach as. Déantar foráil sa chomhaontú seirbhíse freisin go bhféadfaidh an Coimisiún iarraidh ar fheidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí na gCoimisinéirí Ioncaim seirbhís chomhairleach a chur ar fáil dó maidir le caighdeáin iniúchóireachta inmheánaí, chomh maith le cleachtais agus nósanna imeachta iniúchóireachta go ginearálta.[1]

**9.10** Níor aimsíodh aon fhianaise i gcúrsa an scrúdaithe seo go ndearna an Coimisiún teagmháil le hAonad Iniúchóireachta Inmheánaí ná Coiste Iniúchóireachta na gCoimisinéirí le comhairle a lorg ar chomhlíonadh a dhualgas rialachais chorparáidigh trí shainaithint a dhéanamh ar réimsí riosca ná trí athbhreithniú a dhéanamh ar iniúchtaí inmheánacha.

**9.11** I mí Feabhra 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún um Achomhairc Chánach creat rialachais inar leagadh amach sonraí faoi mhisean agus faoi oibríochtaí an Choimisiúin. Tá sa chreat freisin sonraí faoi róil agus freagrachtaí an lucht ardbhainistíochta, faoin mbord bainistíochta agus faoi struchtúir rialachais eile, chomh maith le socruithe iniúchóireachta, dearbhaithe agus comhlíonta.

**9.12** Déantar tagairt sa chreat foilsithe don tseirbhís chomhairleach iniúchóireachta inmheánaí a ndéantar foráil di faoin gcomhaontú seirbhíse leis na Coimisinéirí Ioncaim. Bíodh sin mar atá, deir an Coimisiún go ndéanfaidh a chuid seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí féin a eagrú agus a choiste iniúchóireachta agus riosca féin a chur ar bun i bhfianaise go bhfuil a bhuiséad méadaithe go suntasach agus gur eagraíocht i bhfad níos mó anois é. Ceapadh iniúchóirí inmheánacha i mí Lúnasa 2017, agus chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an coiste á chur ar bun i láthair na huaire.

1 Roimh 2013, rinne na Coimisinéirí Ioncaim tuarastail, íocaíochtaí ragoibre agus éilimh taistil a phróiseáil thar ceann Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc freisin. Anois is é Ionad na Seirbhísí Comhroinnte Párolla a chomhlíonann na feidhmeanna sin thar ceann an Choimisiúin.

**9.13** Níl córas measúnaithe agus bainistithe riosca bunaithe ag an gCoimisiún. Deirtear sa chreat foilsithe go mbeidh fostaí ar leith freagrach as measúnú riosca, lena n-áirítear beartas bainistíochta riosca a chur i dtoll a chéile. Beidh an fostaí céanna freagrach as an bhfeidhm bainistíochta airgeadais inmheánach freisin. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag na hiniúchóirí inmheánacha nuacheaptha ar dhréachtphlean measúnaithe agus bainistithe riosca.

## Rialú íocaíochtaí ragoibre

**9.14** Tá taifeadta i gcuntas leithghabhála vóta an Choimisiúin don bhliain 2016 íocaíochtaí ragoibre €65,400 le fostaí amháin. B'ionann na híocaíochtaí sin agus 7% den ollchaiteachas ar an Vóta, nó beagán faoi bhun 10% de na tuarastail ar fad a íocadh sa bhliain.

**9.15** Éilítear le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go n-údaraítear ragobair agus go bhfágann an cineál oibre atá i gceist nach féidir an ragobair a sheachaint.[1] Ní ann d'aon taifead gur údaraigh oifigeach níos sinsearaí na huaireanta ragoibre a ndearnadh na híocaíochtaí ina leith.

**9.16** Ní leor na taifid atá ar fáil ón gCoimisiún le bunús a thabhairt leis na híocaíochtaí ragoibre. Tá ag an gCoimisiún achoimrí i scríbhinn ar na huaireanta a oibríodh, arna gcur le chéile trí thagairt do dhialanna oibre an fhostaí thar thréimhse roinnt blianta, agus cóipeanna de theachtaireachtaí r-phoist a eisíodh le linn líon íseal de na tréimhsí ragoibre a éilíodh. Níl aon taifid ná fianaise eile ag an gCoimisiún le tacú leis na héilimh.

**9.17** Cuireadh na héilimh ragoibre faoi bhráid na gCoimisinéirí Achomhairc go díreach. Ní raibh Ceannasaí Riaracháin an Choimisiúin (oifigeach ardchumasach a bhí ar iasacht ón Roinn Airgeadais an tráth sin) ar an eolas faoi na héilimh ragoibre agus ní raibh baint ná páirt aige lena gceadú.

**9.18** Chuir an Coimisiún in iúl gur sheiceáil an bheirt Choimisinéirí Achomhairc sampla de na héilimh ragoibre sular cheadaigh siad don Oifigeach Cuntasaíochta iad a íoc. Bhain formhór na n-éileamh ragoibre le tréimhsí roimh théarma na gCoimisinéirí reatha agus lorgaíodh dearbhú ó dhuine de na hiarChoimisinéirí Achomhairc faoi na huaireanta breise a d'oibrigh an fostaí sula ndearnadh na híocaíochtaí. Ní ann d'aon fhianaise dhoiciméadach ar na seiceálacha sin.

**9.19** Ní dheachaigh na Coimisinéirí i ndáil chomhairle le dlíodóir maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir na héilimh ragoibre a íoc, agus níor fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sula ndearnadh na híocaíochtaí ragoibre ach an oiread.

**9.20** I mí na Samhna 2016, rinne na Coimisinéirí Ioncaim teagmháil leis an gCoimisiún le ceist a ardú faoin méid ragoibre a bhíodh á phróiseáil thar ceann an Choimisiúin. Bhí €65,400 (ollmhéid) íoctha leis an bhfostaí faoin tráth sin. Shocraigh an Coimisiún nach ndéanfaí aon íocaíochtaí ragoibre eile. Níor íocadh na héilimh ragoibre a cuireadh isteach i mí na Bealtaine 2017.

1 Imlitir 14/2014, *Ragobair sa Státseirbhís*, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Beartas ragoibre*

**9.21** Thug an Coimisiún beartas ragoibre isteach i mí Feabhra 2017, rud a beachtaíodh tuilleadh i mí na Bealtaine 2017. Tá curtha in iúl ag an gCoimisiún go bhfuil an beartas ag teacht le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le Cód Iompair na Státseirbhíse. Cuirtear in éadan na ragoibre sa bheartas agus táthar ag súil leis go gcuirfeadh baill foirne a gcuid oibre i gcrích taobh istigh de na gnáthuaireanta oibre. Féadfaidh an Ceannasaí Riaracháin nó an Príomhoifigeach Cúnta uaireanta ragoibre a cheadú in imthosca eisceachtúla dosheachanta.[1] Éilítear ar fhostaithe éilimh ragoibre a dhéanamh tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine tar éis na huaireanta ragoibre a chur isteach.

## Conclúidí agus moltaí

### *Rialachas corparáideach*

**9.22** Bunaíodh an Coimisiún go foirmeálta i mí an Mhárta 2016 ach níl a dhualgais rialachais chorparáidigh á gcomhlíonadh aige go fóill. D’fhoilsigh an Coimisiún creat rialachais i mí Feabhra 2017. Leagtar amach ann sonraí faoi na struchtúir bheartaithe rialachais, lena n-áirítear socruithe iniúchóireachta, dearbhaithe agus comhlíonta. Tá córas measúnaithe agus bainistithe riosca, lena n-áirítear beartas bainistithe riosca agus clár riosca, fós le bunú ag an gCoimisiún, áfach. D’fhéadfadh sé go gcuirfí bac ar an gCoimisiún a chuspóirí foriomlána a bhaint amach mar gheall nach bhfuil próiseas éifeachtach bainistithe riosca i bhfeidhm sa chaoi go bhféadfadh sé nach ndéanfaí rioscaí don eagraíocht a aithint ná a bhainistiú ar bhealach tráthúil, éifeachtach.

**Moladh 9.1**

> Ba chóir don Choimisiún próiseas measúnaithe agus bainistithe riosca a fhorbairt lena chinntiú go ndéanfar rioscaí don eagraíocht a aithint, a anailísiú agus a bhainistiú ar bhealach tráthúil, éifeachtach.
>
> **Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**
>
> Aontaithe. D’fhoilsigh an Coimisiún creat rialachais i mí Feabhra 2017 agus rinneadh é a nuashonrú agus a fhoilsiú i samhradh 2017. Leagtar amach ann sonraí faoi na struchtúir bheartaithe rialachais, lena n-áirítear socruithe iniúchóireachta, dearbhaithe agus comhlíonta. Tá idir chóras bainistithe riosca, bheartas bainistithe riosca agus chlár riosca bunaithe anois, ach tá siad fós á meas ag iniúchóirí inmheánacha an Choimisiúin.

**9.23** Tá comhaontú seirbhíse ag an gCoimisiún leis na Coimisinéirí Ioncaim, rud ina bhforáiltear gur féidir leis an gCoimisiún leas a bhaint as feidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí na gCoimisinéirí Ioncaim más gá. Níor aimsíodh aon fhianaise i gcúrsa an scrúdaithe gur úsáid an Coimisiún an tsaoráid sin ó bunaíodh é.

**9.24** D’eagraigh an Coimisiún a chuid seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí féin le déanaí faoin gcreat nua rialachais agus tá tús curtha leis an obair le Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a chur ar bun. Cabhróidh a leithéid d’fheidhmeanna leis an Oifigeach Cuntasaíochta na dualgais rialachais chorparáidigh agus maoirseachta a chomhlíonadh i dtaobh na córais rialaithe inmheánaigh agus bainistithe riosca atá á bhfeidhmiú sa Choimisiún.

1 Ní féidir ach leo siúd atá ar ghrád Ardoifigigh Feidhmiúcháin agus ar ghráid níos lú ná sin éilimh ragoibre a dhéanamh.

**Moladh 9.2**

Ba chóir don Choimisiún a chinntiú go gcomhlíonann sé na dualgais rialachais chorparáidigh atá air i dtaobh feidhmeannas cuí iniúchóireachta inmheánaí a choinneáil, chomh maith le coiste iniúchóireachta a chur ar bun.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Tá iniúchóir inmheánach ceaptha ag an gCoimisiún anois agus tá feidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí curtha i bhfeidhm aige. Ina theannta sin, tá Grúpa Iniúchóireachta curtha ar bun agus tá tús curtha leis an obair le Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú. Tá an Ceannasaí Riaracháin, an Príomhoifigeach Cúnta, iniúchóir inmheánach agus an bainisteoir tionscadail ar Ghrúpa Iniúchóireachta an Choimisiúin, rud a cuireadh ar bun tar éis don Fhoras Riaracháin comhairle a chur ar an gCoimisiún. Is é an sainordú atá aige ná machnamh a dhéanamh ar phróisis áirithe atá ar marthain sa Choimisiún ag féachaint lena gcuibheas a chinntiú agus le cúinsí laethúla a choinneáil chun cinn. Déanann sé machnamh ar mholtaí d'athbhreithniú agus/nó do chomhairle maidir le hiniúchadh inmheánach agus déanann iad a aontú, leis. Socrú ullmhúcháin is ea é go dtí go mbunófar an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca.

### *Íocaíochtaí ragoibre*

**9.25** Tugann na cúinsí a bhain le híocaíochtaí ragoibre le fios go raibh timpeallacht rialaithe an-lag i réim. Is údar imní gur féadadh dul thart ar an gCeannasaí Riaracháin, nach raibh nósanna imeachta foirmeálta i bhfeidhm i leith ragobair a cheadú agus nach bhfuil aon cháipéisíocht ná aon fhianaise ann le tacú leis na héilimh ná le seiceáil na n-éileamh sin.

**9.26** Bhí an próiseas chun córas nua-aimseartha rialachais a fhorbairt ar bun, ach ní raibh sé tugtha chun críche, tráth ar ceadaíodh déanamh na n-íocaíochtaí ragoibre in 2016. Thug an Coimisiún beartas nua ragoibre isteach i mí Feabhra 2017, rud a beachtaíodh tuilleadh i mí na Bealtaine 2017. De réir an bheartais nua sin, caithfear ragobair a fhaomhadh roimh ré, agus éilítear ar fhostaithe éilimh ragoibre a dhéanamh tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine tar éis na huaireanta ragoibre a chur isteach. Dá tráthúla a chuirtear isteach éilimh is ea is fearr is féidir le heagraíocht buiséid agus sreafaí airgid a bhainistiú.

**Moladh 9.3**

Ba chóir forálacha an bheartais nua ragoibre a chur in iúl go soiléir don fhoireann ar fad lena chinntiú go bhfuil cur amach acu ar an gcóras éilithe ragoibre.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Tá forálacha an bheartais nua ragoibre curtha in iúl go soiléir don fhoireann ar fad agus tá lánchur amach acu ar an gcóras éilithe ragoibre anois. Rinneadh an méid sin ach sraith ceardlann a reáchtáil ar cheist an rialachais. Reáchtáiltear a leithéid de cheardlanna go seachtainiúil anois lena chinntiú go mbíonn an fhoireann ar an láneolas faoi chórais agus nósanna imeachta rialachais an Choimisiúin.

## Iarscríbhinn 9A

### Na Príomh-athchóirithe ar an bPróiseas Achomhairc Cánach

Bonn reachtúil faoi neamhspleáchas an Choimisiúin um Achomhairc Chánach

Díriú nua ar bhainistiú solúbtha, gníomhach cásanna

Lánrogha cinntí a dhéanamh bunaithe ar aighneachtaí i scríbhinn i gcásanna simplí, ar chuntar go n-aontaíonn na daoine uile atá páirteach sna himeachtaí leis sin

Éisteachtaí poiblí sa ghnáthchúrsa, cé go mbeidh sé de cheart ag achomharcóir a iarraidh go n-éistfí an cás, nó cuid den chás, go príobháideach

Cinntí na gCoimisinéirí Achomhairc a fhoilsiú

An cumas chun achomhairc a dhíbhe sa chás, mar shampla, nach gcloínn an cáiníocóir le treoracha arna dtabhairt ag na Coimisinéirí Achomhairc maidir le riaradh na n-imeachtaí

Téarma oifige seasta, in-athnuaite seacht mbliana le haghaidh na gCoimisinéirí Achomhairc

Éileofar ar an gCoimisiún um Achomhairc Chánach anois tuarascálacha bliantúla a chur i dtoll a chéile

Is cinntí críochnaitheacha, dochloíte iad cinntí na gCoimisinéirí Achomhairc anois

An cumas chun achomharc chun na hArd-Chúirte ar phointe dlí amháin, agus ní i ndáil le fíricí an cháis

Nósanna imeachta feabhsaithe maidir le bainistíocht cásanna, lena n-áirítear an chumhacht chun réimse leathan iarratas idirbhreitheach a chinneadh, d'fhonn sreabhadh níos éifeachtúla, níos struchtúrtha achomharc a éascú

Foinse: Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Achomhairc Chánach, 2016